


FOIRM IARRATAIS

# AN CHÉAD DUAIS NÁISIÚNTA: €1000

## Dhá Dhuais Náisiúnta Ardmholta: **€500 an Ceann**

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ag déanamh urraíocht ar chomórtas speisialta:

**Duais GCC na mBailte Slachtmhara don Gheilleagar Ciorclach**

Tá an duais seo ann le haitheantas a thabhairt do phobail atá i ndiaidh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a thugann tacaíocht do gheilleagar ciorclach.

Dramhaíl a chosc, athúsáid nuair is féidir agus leas iomlán a bhaint as athchúrsáil atá i gceist le geilleagar ciorclach.

Nuair atá geilleagar ciorclach i bhfeidhm, déantar luach táirgí agus ábhar a choimeád a fhad agus is féidir; déantar dramhaíl agus úsáid acmhainní a íoslaghdú, agus coinnítear acmhainní sa gheilleagar nuair atá deireadh a ré bainte amach ag táirge, chun é a úsáid arís agus arís eile rud a chuirfidh tuilleadh lena luach. Má dhéanaimid dramhaíl a chosc agus má thugaimid tacaíocht don gheilleagar ciorclach, is féidir linn an tairbhe is mó a bhaint as ár n-acmhainní agus san am céanna an comhshaol a chosaint.

Áirítear aon tionscnaimh chun úsáid nó ídiú acmhainní a laghdú (ábhair, uisce, fuinneamh), acmhainní a chomhroinnt, a athúsáid, a dheisiú agus a athmhonarú; cibé acu ag an bpobal, ag sealbhóirí tí, ag gnólachtaí, scoileanna, ag an údarás áitiúil, nó ag eagraíochtaí eile a chuirtear na tionscnaimh ar bun.

SuperValu TidyTowns

Ainm ar an mBaile Slachtmhar nó ar an ngrúpa pobail:________________________________

# Duais GCC an Gheilleagair Chiorclaigh

## Cad iad na gníomhaíochtaí don gheilleagar ciorclach a mbeidh an GCC ar a lorg in iontrálacha ar an gcomórtas?

Aon tionscnaimh chun :
- úsáid nó ídiú acmhainní a laghdú
- acmhainní a roinnt
- a athúsáid
- a dheisiú
- a athmhonarú

Is féidir leis an bpobal, le sealbhóirí tí, le gnólachtaí, le scoileanna, leis an údarás áitiúil, nó le heagraíochtaí eile na tionscnaimh sin a chur ar bun.
Féadtar tionscadal ar leith, gníomhaíochtaí múscailte feasachta, nó meascán gníomhartha éagsúla a bheith i gceist.
Féadtar obair a dhéantar faoin bpríomhchatagóir sa chomhórtas, 'Inbhuanaitheacht – níos mó a bhaint amach le níos lú', a bheith bainteach leis an duais speisialta seo.

**TÁ FÁILTE ROIMH GACH GRÚPA POBAIL IARRATAS A DHÉANAMH AR AN GCOMÓRTAS.**

## Cad é atá i gceist?

Níos lú dramhaíola a dhéanamh; níos lú uisce, níos lú fuinnimh, nó níos lú ábhar a úsáid;
Athúsáid, comhroinnt, uaschúrsáil, deisiú, babhtáil, malartú, athchóiriú; saol nua le haghaidh seanearraí.
Féach localprevention.ie/tidy-towns chun smaointe a fháil.
Tá gach rud a bheidh uait ar an suíomh gréasáin sin, ach má bhíonn aon cheisteanna agat fós seol ríomhphost chuig **nwpp@epa.ie** agus "Duais na mBailte Slachtmhara don Gheilleagar Ciorclach" mar ábhar.

## Gníomhaíochtaí nach nglacfar san áireamh:

Cé go bhfuil moladh tuillte le haghaidh gníomhartha amhail athchúrsáil, piocadh bruscair agus salú ag madraí a bhainistiú, ní chuimsítear iad sa duais seo.

## Moltóireacht don duais:

Déanfaidh painéal moltóirí arna gceapadh ag an EPA measúnú ar gach iontráil. Measfar gur iontrálacha ábhartha iontrálacha atá i ndiaidh bearta éagsúla a chur i bhfeidhm a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach agus atá i ndiaidh feasacht a ardú ar fud an phobail maidir leis an ngeilleagar ciorclach.
B'fhearr clár tionscnamh atá ar siúl i rith an ama ná tionscadal aon uaire.

## Iarratas a dhéanamh:

Ba chóir iontrálacha a chur isteach ar an ríomhphost chuig **nwpp@epa.ie** agus "Duais na mBailte Slachtmhara don Gheilleagar Ciorclach" a bheith i líne an ábhair

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: Trí seachtaine i ndiaidh an phríomhchomórtais.**

Téigh chuig localprevention.ie/tidy-towns chun barúil a fháil den méid atáimid a lorg agus chun samplaí a fheiceáil den méid atá ar bun ag pobail cheana féin.

## FOIRM IONTRÁLA

Ainm ar an mBaile Slachtmhar nó ar ghrúpa eile pobail: ______________________________

Ainm an phríomhdhuine teagmhála: ______________________________

Ríomhphost: ______________________________

Uimhir Teileafóin: ______________________________

Seoladh Poist: ______________________________

______________________________

Seol freagra ar cheann de na bealaí seo:

- Scríobh sa doiciméad seo (atá ar fáil i bhformáid PDF agus Word ó **www.localprevention.ie/tidy-towns**) agus é a chur isteach go leictreonach (an bealach is fearr).
- I ndoiciméad eile Word nó doiciméad eile mar sin (ach ag cloí leis an uaslíon focal) agus é sin a chur isteach go leictreonach

Beidh feidhm le Téarmaí agus Coinníollacha Chomórtas na mBailte Slachtmhara faoi mar is cuí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as aon ábhar a chuirtear isteach leis an duais a chur chun cinn.

# Duais GCC an Gheilleagair Chiorclaigh

Lean an leagan amach thíos chun achoimre a thabhairt ar an mbealach a bhfuil an pobal ag cur tionscadail "don gheilleagar ciorclach" i bhfeidhm agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Ná bíodh níos mó ná **1000** focal san achoimre:

- Déan liosta de na tionscadail don gheilleagar ciorclach nó de na gníomhaíochtaí múscailte feasachta atá ar bun i do phobal, agus déan cur síos orthu
- Tabhair le fios leibhéal rannpháirteachais
- Déan achoimre ar na cineálacha torthaí a bhain sibh amach
- Leag amach na buntáistí atá ann don phobal i gcoitinne

**Seol ar aghaidh freisin le do thoil líon beag grianghraf, i bhfoirm leictreonach is fearr i dteannta d'aighneacht ar an ríomhphost nó trí nasc chuig láithreán gréasán a chur ar fáil.**

Cuir do fhreagra anseo:

ar lean thall >>

# Duais GCC an Gheilleagair Chiorclaigh